II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/225 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Feabhra 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2022/227 ón gComhairle an 17 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2011/101/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ([2]) ón gComhairle, tugtar éifeacht do roinnt beart dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle ([3]), lena n-áirítear roe cistí agus acmhainní eacnamaíocha daoine agus eintiteas ainmnithe i bhfianaise na staide sa tSiombáib.

(2) An 17 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/227, lena leasaítear Airteagal 10 de Chinneadh 2011/101/CBES, lena mbaintear triúr de liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2011/101/CBES, agus lena scriostar Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2011/101/CBES ina gcuimsítear liosta na ndaoine a gcuirtear na bearta sriantacha ar fionraí ina leith.

(3) An 17 Feabhra 2022, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/226 ón gCoimisiún ([4]), leasaíodh Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 dá réir sin.

(4) Tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais dá réir sin le go mbeadh éifeacht ag Cinneadh (CBES) 2022/227, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha na bearta sin i bhfeidhm go haonfhoirmeach sna Ballstáit uile.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6, scriostar mír 4;

([1]) Féach leathanach 5 den Iris Oifigiúil seo.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 314/2004 ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib (IO L 55, 24.2.2004, lch. 1).

([3]) Cinneadh 2011/101/CBES ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiombáib (IO L 42, 16.2.2011, lch. 6).

([4]) Féach leathanach 3 den Iris Oifigiúil seo.

(2) scriostar Iarscríbhinn IV.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Feabhra 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J.-Y. LE DRIAN